Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Feabhra 2023
(OR. en)

6209/23

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0017(NLE)

TRANS 48
RELEX 164

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh agus le leanúint leis an gComhaontú |

**CINNEADH (AE) 2023/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin a mhéid a bhaineann le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh agus le leanúint leis an gComhaontú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Shínigh an tAontas an Comhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin[1](‘an Comhaontú’) i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2022/118 ón gComhairle[2] agus tá sé i bhfeidhm go sealadach ón 29 Meitheamh 2022.

(2) Le hAirteagal 7(1) den Chomhaontú, bunaítear Comhchoiste chun maoirsiú agus faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe agus chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a fheidhmiú i bhfianaise a chuid cuspóirí.

(3) Le hAirteagal 7(6) den Chomhaontú, foráiltear go bhfuil an Comhchoiste lena rialacha nós imeachta a ghlacadh. Chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

(4) Mar a leagtar amach in Airteagal 6(1) den Chomhaontú, tá an Comhaontú le feidhm a bheith aige go dtí an 30 Meitheamh 2023. Tá an Comhchoiste le tionól, áfach, 3 mhí ar a dhéanaí roimh dhul in éag an Chomhaontaithe chun measúnú a dhéanamh ar an ngá leanúint leis an gComhaontú agus cinneadh a dhéanamh ina leith sin.

---

1 IO L 179, 6.7.2022, lch. 4.

2 Cinneadh (AE) 2022/1158 ón gComhairle an 27 Meitheamh 2022 maidir le síniú, thar ceann an Aontais, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin maidir le hiompar lasta de bhóthar (IO L 179, 6.7.2022, lch. 1).

(5) Chun go leanfaidh leis an tairbhe a bhaineann an tAontas agus an Úcráin araon as éifeachtaí dearfacha an Chomhaontaithe maidir le hiompar lasta de bhóthar a éascú idir an Úcráin agus an tAontas agus maidir le lánaí dlúthpháirtíochta dea-fheidhmiúla a áirithiú i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ba cheart an Comhaontú a fhadú go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(6) Tá an Comhchoiste le cinneadh a ghlacadh lena mbunófar a rialacha nós imeachta agus maidir leis an ngá leanúint leis an gComhaontú, lena n-áirítear fad na leanúna.

(7) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste maidir le glacadh na rialacha nós imeachta agus an leanúint leis an gComhaontú a leagan síos, ós rud é go mbeidh a chinntí ina gceangal ar an Aontas,

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bheith bunaithe ar na dréachtchinntí atá i gceangal leis seo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 7 den Chomhaontú maidir le hiompar lasta de bhóthar idir an tAontas Eorpach agus an Úcráin ('an Comhaontú') a mhéid a bhaineann le glacadh a rialacha nós imeachta agus an leanúint leis an gComhaontú, lena n-áirítear fad na leanúna, bunófar an seasamh sin ar an dréachtchinneadh ón gComhchoiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais laistigh den Chomhchoiste mionathruithe ar na dréachtchinntí ón gComhchoiste a comhaontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*